Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 27 Meitheamh 2025 (OR. en)**

**10936/25**

**Comhad Idirinstitiúideach: 2025/0188 (COD)**

**TRANS 267**
**ENV 605**
**FIN 785**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 27 Meitheamh 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Ábhar: | Togra le haghaidh<br>TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 1999/62/CE a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse inar féidir le feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha tairbhiú de rátaí muirear bonneagair nó úsáideora atá laghdaithe go suntasach nó de dhíolúintí ó na muirir sin a íoc |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2025) 348 final.

---

Faoi iamh: COM(2025) 348 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 27.6.2025
COM(2025) 348 final

2025/0188 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 1999/62/CE a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse inar féidir le feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha tairbhiú de rátaí muirear bonneagair nó úsáideora atá laghdaithe go suntasach nó de dhíolúintí ó na muirir sin a íoc**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

GA GA

## MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

### 1. COMHTHÉACS AN TOGRA

- **Forais agus cuspóirí an togra**

Is é an Compás Iomaíochais [1] a threoraíonn beartas eacnamaíochta an Choimisiúin sa sainordú atá ann faoi láthair. Cuireann sé le Dearbhú Bhúdaipeist na Comhairle Eorpaí[2] agus Dearbhú Antuairp[3] ionadaithe gnó agus ceardchumainn na hEorpa. Sainaithníonn an Compás Iomaíochais *treochlár comhpháirteach maidir leis an dícharbónú agus leis an iomaíochas* mar cheann de na trí ghné riachtanacha chlaochlaitheacha chun borradh a chur faoin iomaíochas.

Forbraítear an ghné riachtanach sin sa Chomhaontaithe maidir le Tionsclaíocht Ghlan[4]. Is é is aidhm dó iomaíochas an Aontais a neartú agus, ag an am céanna, leanúint de bheith ar an mbóthar ceart chun aeráidneodracht a bhaint amach. Dírítear ar thacaíocht a thabhairt do chuideachtaí agus na dálaí cearta a chruthú dóibh chun an sprioc sin a bhaint amach. Tá sé d’aidhm aige freisin cuir le slándáil eacnamaíoch agus fuinnimh an Aontais trí laghdú a dhéanamh ar a spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmhairithe agus sciar an fhuinnimh a tháirgtear ó ghiniúint dhícharbónaithe laistigh den Aontas a mhéadú.

Sa Chompás Iomaíochais agus sa Chomhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan, tugtar aird ar leith ar an earnáil mótarfheithiclí. Tá athrú ó bhonn claochlaitheach ag teacht ar an earnáil sin, arb iad athruithe teicneolaíochta amhail an digitiú agus an dícharbónú is cúis leis. Chuige sin, ghlac an Coimisiún Plean Gníomhaíochta Tionsclaíoch d’earnáil mótarfheithiclí na hEorpa [5].

Sainaithnítear sna trí straitéis sin an dícharbónú mar spreagadh cumhachtach fáis agus cuirtear bearta nithiúla chun cinn chun cás gnó níos láidre a chur ar fáil do thionscail an Aontais le haghaidh táirgeadh glan. Tá dreasachtaí sonracha sa phlean gníomhaíochta chun borradh a chur faoi ghlacadh feithiclí astaíochtaí nialasacha, lena n-áirítear feithiclí tromshaothair.

In 2022, ba í an earnáil iompair tromshaothair de bhóthar ba chúis le 27,5 % de na hastaíochtaí $CO_2$[6] cé nach raibh iontu ach 2,4 % den fhlít feithiclí [7]. Bhí níos mó ná 6.9 % de na hastaíochtaí uile san Aontas sna hastaíochtaí $CO_2$ in earnáil an iompair tromshaothair de bhóthar agus bhí siad 20 % níos airde ná mar a bhí in 1995.

Is ‘earnáil is deacair a dhícharbónú’ é an t-iompar lasta de bhóthar, rud a chiallaíonn go bhfuil an costas a bhaineann lena astaíochtaí a laghdú níos airde ná in earnálacha eile an gheilleagair. Ina theannta sin, tá margadh na seirbhísí iompair lasta de bhóthar an-iomaíoch

---

1 COM(2025) 30 final.

2 https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2024/11/08/the-budapest-declaration/.

3 https://antwerp-declaration.eu/.

4 COM(2025) 85 final.

5 COM(2025) 95 final.

6 Tháinig méadú 20 % ar astaíochtaí $CO_2$ ón earnáil iompair tromshaothair de bhóthar idir 1995 agus 2022 agus tháinig méadú 70 % ar an méid tráchta sa tréimhse chéanna. Tharla laghdú coibhneasta ar astaíochtaí $CO_2$ de bharr feithiclí níos éifeachtúla, ach ní hionann é sin agus laghdú glan maidir le hastaíochtaí $CO_2$ mar gheall ar an méadú ar leibhéil tráchta. Mar chomparáid, tháinig méadú 9 % agus 24 % faoi seach ar astaíochtaí $CO_2$ ghluaisteán agus mhéid tráchta thar an tréimhse chéanna. https://transport.ec.europa.eu/facts-funding/studies-data/eu-transport-figures-statistical-pocketbook/statistical-pocketbook-2024_ga.

7 https://www.acea.auto/files/ACEA_Report_-_Vehicles_on_European_roads_2025.pdf.

agus tá corrlaigh bhrabúis ísle ag baint leis, rud a chuireann srian ar infheistíocht i dteicneolaíochtaí laghdaithe costasacha amhail feithiclí astaíochtaí nialasacha.

Mar thoradh ar an nuálaíocht ó mhonaróirí feithiclí tromshaothair le blianta beaga anuas, cuireadh samhlacha astaíochtaí nialasacha i bhfeidhm lena gcumhdaítear gach cás úsáide, lena n-áirítear cianaistir[8]. Tá méadú suntasach tagtha ar a n-imscaradh ó 2019 i leith [9]. In 2024, ba fheithiclí astaíochtaí nialasacha iad 3,9 % de na feithiclí nua tromshaothair uile [10], lena n-áirítear 1,2 % d'fheithiclí nua earraí troma a bhfuil meáchan níos mó ná 12 thona acu. Mar sin féin, tá sciar na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha i bhflít na bhfeithiclí tromshaothair an-íseal go fóill [11].

Is féidir sprioc 2025 maidir le laghdú 15 % ar $CO_2$ d'fheithiclí tromshaothair i gcomparáid le luachanna 2019 [12] a bhaint amach trí fheabhsuithe éifeachtúlachta i ngnáthfheithiclí, ach ní mór úsáid feithiclí astaíochtaí nialasacha a mhéadú go tapa chun spriocanna ina dhiaidh sin a bhaint amach [13]. Mar sin féin, tá an infheistíocht tosaigh chun feithicil astaíochtaí nialasacha a fháil thart ar 2,5 uair níos airde ná an costas a bhaineann le gnáthfheithiclí coibhéiseacha [14] agus tá sí fós ar cheann de na príomhbhacainní ar iad a chur in úsáid ar bhonn níos leithne.

Murab ionann agus margadh na ngluaisteán paisinéirí, is margadh gnólacht le gnólacht é margadh na bhfeithiclí tromshaothair. Is é costas feithicle thar a shaolré ar fad is cúis le roghanna infheistíochta. Tugtar an costas iomlán úinéireachta (CIU) air sin [15]. Tá margadh na

8 Féach an Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle maidir le hullmhacht teicneolaíochta agus margaidh feithiclí bóthair tromshaothair (COM(2025)260). Féach freisin liosta de na samhlacha astaíochtaí nialasacha atá ann cheana sa doiciméad atá ar fáil ag bun an leathanaigh gréasáin seo: https://www.acea.auto/news/truck-and-bus-manufacturers-contribution-to-climate-neutral-road-transport/.

9 I gcomparáid le 2019, díoladh 40 oiread níos mó feithiclí earraí troma astaíochtaí nialasacha ag a bhfuil meáchan os cionn 12 thona in 2024, 6,5 oiread níos mó feithiclí earraí troma astaíochtaí nialasacha atá faoi bhun 12 thona agus os cionn 3,5 tona, agus 4 oiread níos mó busanna agus cóistí astaíochtaí nialasacha. Ba iad seo a leanas na figiúirí díolacháin feithiclí astaíochtaí nialasacha in 2024: 3 400 feithicil earraí troma a bhfuil meáchan is mó ná 12 thona iontu (thart ar 1,2 % de na clárúcháin nua), 4 800 de mheáchan faoi bhun 12 thona agus os cionn 3,5 tona (10 %), agus 6 000 bus agus cóitseálaí (17 %). https://theicct.org/publication/r2z-eu-hdv-market-development-quarterly-jan-dec-2024-feb25/.

10 https://theicct.org/publication/r2z-eu-hdv-market-development-quarterly-jan-dec-2024-feb25/.

11 Ba iad feithiclí earraí troma ceallra-leictreacha (i.e. feithiclí ar mó a meáchan ná 3,5 tona) 0,1 % d'fhlít an Aontais in 2023 (ba ag an Danmhairg a bhí an cion is airde agus 1 % aici). Ba iad busanna agus cóistí ceallra-leictreacha 2,5 % den fhlít (bhí an sciar is airde ag an Ísiltír le 17,7 %). https://www.acea.auto/files/ACEA_Report_-_Vehicles_on_European_roads_2025.pdf.

12 Leagtar amach na spriocanna laghdaithe astaíochtaí d'earnáil an iompair tromshaothair de bhóthar i Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair. Féach an roinn thíos maidir le 'Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais'.

13 Thug monaróirí le fios gur féidir coinne a bheith leis go mbeidh thart ar fheithicil nua tromshaothair amháin as gach trí fheithicil nua tromshaothair in 2030 ina feithicil astaíochtaí nialasacha. Féach COM(2025)260 agus an staidéar tacaíochta comhfhreagrach: *'Market readiness analysis – Expected uptake of alternative fuel heavy-duty vehicles until 2030 and their corresponding infrastructure needs*', [Anailís maidir le hUllmhacht Margaidh- An glacadh a mheastar a bheidh le feithiclí tromshaothair breosla mhalartaigh o dtí 2030 agus a riachtanais bhonneagair chomhfhreagracha]https://op.europa.eu/en/publication-detail/-/publication/8a598b35-40f3-11f0-b9f2-01aa75ed71a1/

14 Tá comparáid idir praghsanna miondíola trucailí a thiomáintear le teicneolaíochtaí éagsúla ar fáil i bhFoscríbhinn C den staidéar seo a leanas: https://theicct.org/publication/total-cost-ownership-trucks-europe-nov23/.

15 Is éard atá in costas iomlán úinéireachta feithicle suim an chostais éadála tosaigh agus na gcostas a bhaineann leis an bhfeithicil a oibriú thar a saolré ionchais (breosla, cothabháil, cánacha, muirir bhóthair, árachas, etc.).

bhfeithiclí tromshaothair íogair ó thaobh praghais de. Ciallaíonn sé sin gur dócha gurb é costas iomlán úinéireachta na feithicle a spreagfaidh cinneadh ceannaigh oibreoirí agus iad ag infheistiú i bhfeithicil nua. Is é sin le rá, beidh cás gnó ag oibreoirí chun infheistíocht a dhéanamh i bhfeithicil astaíochtaí nialasacha a luaithe a éireoidh a costas níos ísle ná costas gnáthfheithicle a chumhachtaítear le breoslaí iontaise.

D'fhéadfadh muirir dhifreáilte ar bhóithre costais oibríochtúla a laghdú agus, dá bhrí sin, CIU feithiclí astaíochtaí nialasacha a laghdú. Dá bhrí sin, is féidir leo cuidiú le cás gnó níos láidre a thógáil chun infheistíocht a dhéanamh sna feithiclí sin.

Le Treoir (AE) 2022/362[16], cumhachtaíodh muirearú bóithre[17] de bhun astaíochtaí $CO_2$. Le Treoir (AE) 2022/362 leasaíodh Treoir 1999/62/CE [18]trí fhoráil a dhéanamh, i measc athruithe eile, d'athrú ar mhuirir bhonneagair agus úsáideora (lena dtugtar tús áite d'úsáid feithiclí níos glaine) agus/nó d'inmheánú costais sheachtracha $CO_2$ (pionós a ghearradh ar fheithiclí atá níos truaillithe). Leis an dá bheart, laghdaítear an bhearna idir CIU na ngnáthfheithiclí agus CIU na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha.

Is éard atá i gceist le hathrú ar mhuirir bhóthair laghdú 50 % go 75 % a dheonú ar mhuirir bhonneagair nó úsáideora le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha [19]. Leis an muirear costas seachtrach, cuirtear an costas seachtrach le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ atá trácht-bunaithe leis an muirear bonneagair. Foráiltear luachanna tagartha le haghaidh an mhuirir sin sa Treoir, bunaithe ar phraghas $CO_2$ EUR 100 an tona $CO_2$ a astaítear[20].

Leis an Treoir, neartaítear an dá shásra sin a thuilleadh trí chead a thabhairt do na Ballstáit rátaí atá laghdaithe go mór a shocrú nó fiú díolúine iomlán a dheonú d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha ón muirear bonneagair nó úsáideora go dtí an 31 Nollaig 2025 [21]. Ceadaíonn sé freisin do na Ballstáit muirir costas seachtrach le haghaidh astaíochtaí $CO_2$ atá trácht-bunaithe a chur i bhfeidhm atá suas le dhá uair níos airde ná na luachanna tagartha sa Threoir[22].

An tacaíocht airgeadaíochta i mBallstát a bhaineann lánúsáid as na forálacha sin chun oibreoir a dhreasú chun infheistíocht a dhéanamh i mótarfheithicil astaíochtaí nialasacha a d'fhéadfadh a bheith suas le 40 tona, meastar an tacaíocht sin a bheith chomh hard le EUR 45 000 sa chéad

[16] Treoir (AE) 2022/362 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Treoracha 1999/62/CE, 1999/37/CE agus (AE) 2019/520, a mhéid a bhaineann le muirir a ghearradh ar fheithiclí as bonneagar áirithe a úsáid (IO L 69, 4.3.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/362/oj).

[17] Cumhdaítear leis an téarma 'muirearú bóthair' dolaí agus muirir ar úsáideoir. Tugtar muirir fhadbhunaithe ar dholaí freisin agus tugtar muirir ambhunaithe nó fínéid ar mhuirir ar úsáideoirí freisin. Sainmhínítear dolaí in Airteagal 2(1), pointe (7), de Threoir 1999/62/CE mar shuim ceann amháin ar a laghad de na trí ghné seo a leanas: muirear bonneagair, muirear costas seachtrach, agus muirear brú tráchta. Sainmhínítear muirir úsáideora in Airteagal 2(1), pointe (16) den Treoir chéanna mar mhéid sonraithe lena dtugtar, nuair a íoctar iad, an ceart d'fheithicil bonneagar bóthair áirithe a úsáid ar feadh tréimhse ar leith.

[18] Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirir a ghearradh ar fheithiclí earraí troma as bonneagar áirithe a úsáid (IO L 187, 20.7.1999, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1999/62/oj).

[19] Airteagal 7ga(3)(d) de Threoir 1999/62/CE.

[20] Airteagal 7c(1) agus Iarscríbhinn IIIc de Threoir 1999/62/CE. Mar a mhínítear sa mheabhrán míniúcháin a ghabhann leis an togra maidir leis an méid a dhéanfaí de Threoir (AE) 2022/362 (COM(2017) 275 final), tá na luachanna in iarscríbhinní na Treorach bunaithe ar an lámhleabhar maidir le costais sheachtracha an iompair. Ríomhtar luachanna Iarscríbhinn IIIc ar bhonn na bhfigiúirí a chuirtear i láthair i dTábla 24 den staidéar atá ar fáil ag: https://op.europa.eu/ga/publication-detail/-/publication/9781f65f-8448-11ea-bf12-01aa75ed71a1/language-en.

[21] Airteagal 7ga(1) an cúigiú fomhír de Threoir 1999/62/CE.

[22] Airteagal 7cb(1) de Threoir 1999/62/CE.

bhliain oibríochta [23]. Faigheann feithiclí beaga leibhéal níos ísle tacaíochta. I gcásanna úsáide áirithe, cuidíonn an Treoir le paireacht costais a bhaint amach idir feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha agus gnáthfheithiclí [24].

Bhí trasuí na bhforálacha sin sa reachtaíocht náisiúnta le cur i gcrích faoin 25 Márta 2024. Tiocfaidh deireadh leis an rogha rátaí atá laghdaithe go suntasach a chur i bhfeidhm maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha nó iad a dhíolmhú ó mhuirir bhonneagair nó úsáideora an 31 Nollaig 2025. Tá an tréimhse sin róghearr chun an t-éileamh ar fheithiclí nua tromshaothair astaíochtaí nialasacha a dhreasú go leordhóthanach.

Dá bhrí sin, molann an Coimisiún síneadh a chur le hinfheidhmeacht na díolúine sin. Chun tacú le monaróirí Eorpacha a sprioc a bhaint amach maidir le hastaíochtaí $CO_2$ ó fheithiclí nua tromshaothair a laghdú 43 % sa tréimhse tuairiscithe 2030 (mar a leagtar síos i Rialachán (AE) 2019/1242), molann an Coimisiún gur cheart síneadh a chur leis an díolúine go dtí deireadh na tréimhse tuairiscithe 2030, a dtiocfaidh deireadh léi an 30 Meitheamh 2031. D'áiritheofaí leis an athrú sin go mbeadh creat reachtach comhleanúnach ann.

Tiocfaidh deireadh leis an díolúine atá ann faoi láthair an 31 Nollaig 2025 agus bheadh ar na húdaráis náisiúnta forálacha na Treorach atá beartaithe faoi láthair a thrasuí sa dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Coimisiún ag iarraidh ar Pharlaimint na hEorpa agus ar an gComhairle féachaint le dlús a chur le glacadh an togra seo.

- **Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana**

Leis an togra seo, chuirfí síneadh le foráil atá ann cheana a tugadh isteach le déanaí agus, dá bhrí sin, atá comhsheasmhach leis an gcreat beartais atá ann cheana maidir le muirearú bóithre. I gcás inar cuireadh chun feidhme í, bhí tionchar dearfach ag an bhforáil sin ar chás gnó a chruthú d'fheithiclí astaíochtaí nialasacha. Comhlánaíonn an díolúine ó mhuirir bhonneagair nó úsáideora cur i bhfeidhm muirear costas seachtrach toisc go laghdaíonn an dá bheart an bhearna idir na costais oibriúcháin agus, dá bhrí sin, idir CIUnna feithiclí astaíochtaí nialasacha agus gnáthfheithiclí. Dá bhrí sin, tá an dá bheart tábhachtach chun an cás gnó le haghaidh infheistíocht i bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha a neartú.

- **Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais**

Leis an togra seo, leathnaítear beart ar thaobh an éilimh den mhargadh le haghaidh feithiclí nua tromshaothair chun dlús a chur lena n-imscaradh. Dá bhrí sin, comhlánaíonn sé caighdeáin feidhmíochta astaíochtaí $CO_2$ an **Rialacháin** [25] maidir le Feithiclí Tromshaothair, a ghníomhaíonn ar thaobh an tsoláthair den mhargadh d'fheithiclí nua tromshaothair, agus lena leagtar amach sprioc laghdaithe 43 % $CO_2$ do mhonaróirí faoi 2030 (agus spriocanna níos airde ina dhiaidh sin go dtí 2040). Is féidir le monaróirí na spriocanna a bhaint amach trí (i) éifeachtúlacht gnáthfheithiclí a fheabhsú; agus/nó (ii) líon na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha a chuireann siad ar an margadh a mhéadú. Cuidíonn an togra seo le monaróirí dlús a chur le húsáid feithiclí astaíochtaí nialasacha.

---

[23] https://www.transportenvironment.org/uploads/files/202403_TE_Eurovignette_briefing_update.pdf.
[24] https://www.iru.org/resources/iru-library/alternative-vs-traditional-truck-powertrains-eu-total-cost-ownership-2024 agus https://www.youtube.com/watch?v=ktaEN7do6pA.
[25] Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj).

Le hinmheánú chostas an charbóin, laghdaítear an bhearna sa CIU idir feithiclí níos glaine agus feithiclí níos truaillithigh trí chostais oibriúcháin gnáthfheithiclí a mhéadú. Le Treoir 1999/62/CE, déantar costas an charbóin a inmheánú trí mhuirear costas seachtrach a fhorchur. Ó 2027 ar aghaidh, cumhdófar astaíochtaí iompair de bhóthar leis an gcóras trádála astaíochtaí i d**Treoir 2003/87/CE (ETS2)** freisin[26]. Beidh an chomhsheasmhacht idir an dá bheart sin faoi réir tuarascáil ón gCoimisiún a thíolacfar faoi 2027, i gcomhréir le hAirteagail 7cb(4) agus 7ga(8) de Threoir 1999/62/CE. Tabharfar aghaidh sa mheasúnú freisin ar éifeacht **an chánachais fuinnimh** ar phraghsáil carbóin, mar a rialaítear faoi **Threoir 2003/96/CE ón gComhairle** [27].

Is coinníoll cumasúcháin é bonneagar athluchtaithe chun feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha a imscaradh níos tapúla. Le **Rialachán TEN-T** [28] a athbhreithníodh le déanaí agus leis an **Rialachán maidir le bonneagar breoslaí malartacha**[29], leagadh síos spriocanna maidir le stáisiúin athluchtaithe agus athbhreoslaithe hidrigine a imscaradh, lena n-áirítear spriocanna sonracha le haghaidh iompar tromshaothair. Thairis sin, luadh sa phlean gníomhaíochta tionsclaíoch d'earnáil mótarfheithiclí an Aontais go n-oibreoidh an Coimisiún ar **Chonairí Iompair Ghlain Eorpacha** chun dlús a chur le cur in úsáid moil luchtaithe feithiclí tromshaothair. Luadh ann freisin go ndéanfar tograí breise sa **Phlean Infheistíochta Iompair Inbhuanaithe** atá ar na bacáin.

Chun astaíochtaí $CO_2$ a laghdú, tá sé riachtanach aistriú ó bhreoslaí iontaise go foinsí fuinnimh in-athnuaite. D'éirigh fuinneamh in-athnuaite ina phríomhfhoinse táirgthe leictreachais san Aontas in 2023[30]. Mar sin féin, tá sé chomh tábhachtach céanna bonneagar na heangaí leictreachais a leathnú chun tacú leis an aistriú sin. Tá naisc leis an eangach ríthábhachtach chun an bonneagar athluchtaithe le haghaidh iompar tromshaothair a imscaradh. Tá roinnt gníomhaíochtaí beartaithe cheana féin faoi **Phlean Gníomhaíochta an Aontais maidir le hEangacha** [31] agus déanfar é sin a fhorlíonadh freisin leis an b**Pacáiste um na hEangacha Eorpacha** agus leis an bPlean Gníomhaíochta um Leictriúchán. Eiseoidh an Coimisiún **Treoir** agus **Moltaí** chuig na Ballstáit maidir leis an am feithimh i ndáil le pointí athluchtaithe a nascadh le heangacha a ghiorrú agus tosaíocht a thabhairt don obair sin, agus molfaidh sé do na Ballstáit a mheas go bhfuil stáisiúin luchtaithe agus a gceangal leis an eangach ina leas sáraitheach poiblí i gcomhthéacs nósanna imeachta ceadaithe.

---

[26] Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle (IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87).

[27] Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar chreat an Chomhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/96).

[28] Rialachán (AE) 2024/1679 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 maidir le treoirlínte an Aontais chun an gréasán tras-Eorpach iompair a fhorbairt, lena leasaítear Rialacháin (AE) 2021/1153 agus (AE) Uimh. 913/2010 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1315/2013 (IO L 2024/1679, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/1679/oj).

[29] Rialachán (AE) 2023/1804 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meán Fómhair 2023 maidir le himscaradh bonneagair breoslaí malartacha agus lena n-aisghairtear Treoir 2014/94/AE (IO L 234, 22.9.2023, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2023/1804/oj).

[30] In 2023, tháinig 44,7 % de tháirgeadh leictreachais ó fhoinsí fuinnimh in-athnuaite agus tháinig 32,5 % ó bhreoslaí iontaise https://ec.europa.eu/eurostat/web/products-eurostat-news/w/ddn-20240627-1.

[31] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún: 'Grids, the missing link - An EU Action Plan for Grids' [Eangacha, an nasc atá in easnamh - Plean Gníomhaíochta an Aontais um Eangacha] COM(2023) 757 final. https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=COM%3A2023%3A757%3AFIN&qid=1701167355682

## 2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

- **Bunús dlí**

Is iad Airteagal 91 agus Airteagal 113 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) an bunús dlí atá le Treoir 1999/62/CE. Baineann an togra seo le muirir bhóthair a fhorchur ar fheithiclí, réimse a bhfuil feidhm ag Airteagal 91(1) CFAE maidir leis. Dá bhrí sin, is é Airteagal 91(1) CFAE bunús dlí an togra seo.

- **Coimhdeacht (i gcás inniúlacht neamheisiach)**

De bhun Airteagal 4(2)(g) CFAE, tá inniúlacht roinnte ag an Aontas agus na Ballstáit rialáil a dhéanamh i réimse an iompair, ach ní féidir ach leis an Aontas rialacha an Aontais atá ann cheana a oiriúnú. Sainítear i dTreoir 1999/62/CE na cásanna inar féidir laghduithe nó díolúintí ó dholaí agus ó mhuirir úsáideora a dheonú. Tá rogha ag na húdaráis náisiúnta cinneadh a dhéanamh maidir le cén chaoi na féidearthachtaí sin a úsáid. Ní féidir síneadh a chur leis na rátaí atá laghdaithe go suntasach le haghaidh feithiclí astaíochtaí nialasacha ó mhuirir bhonneagair nó úsáideora ná leis an díolúine ó na muirir sin tar éis dheireadh 2025 ach amháin tríd an Treoir a leasú. Is faoi na húdaráis náisiúnta atá sé úsáid a bhaint as an bhféidearthacht sin nó gan é a úsáid.

- **Comhréireacht**

Ní théann na bearta atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun cuspóirí an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a bhaint amach, agus cothroime agus sláine comhshaoil á n-áirithiú ag an am céanna.

- **An rogha ionstraime**

Is Treoir é an gníomh dlíthiúil a leasófar, agus mar sin ba cheart an gníomh leasaitheach a bheith san fhoirm chéanna.

## 3. TORTHAÍ AR MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, AR CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS AR MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

- **Meastóireachtaí ex post/seiceálacha oiriúnachta ar an reachtaíocht atá ann cheana**

Ciallaíonn an tréimhse ghearr atá caite ó bhí na rialacha nua le cur chun feidhme (i.e. an 25 Márta 2024) nach bhfuil faisnéis leordhóthanach ann chun meastóireacht ex post lánfheidhme a dhéanamh ar Threoir (AE) 2022/362. Thairis sin, ní dhéanfadh an togra seo ach foráil atá ann cheana a leathnú.

- **Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara**

Agus an togra seo á ullmhú aige, reáchtáil an Coimisiún comhairliúcháin spriocdhírithe le páirtithe leasmhara sonracha, lena n-áirítear comhlachais oibreoirí iompair agus monaróirí feithiclí, an tsochaí shibhialta agus údaráis náisiúnta.

- **Bailiú agus úsáid saineolais**

Bhraith an Coimisiún ar fhaisnéis atá ar fáil go poiblí chun measúnú a dhéanamh ar leibhéal úsáide reatha na bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha agus ar éifeachtacht na díolúine ó mhuirir bhonneagair nó úsáideora. Tá gach foinse a úsáideann an Coimisiún ar fáil sna fonótaí a ghabhann leis an téacs i Roinn 1 thuas.

- **Measúnú tionchair**

Rinne an Coimisiún measúnú tionchair a ghabhann leis an togra as ar eascair glacadh Threoir (AE) 2022/362 [32]. Ní leasaítear leis an togra seo ach dáta deiridh forála roghnach. Dá bhrí sin, níl aon ghá le measúnú tionchair nua a dhéanamh.

- **Oiriúnacht rialála agus simpliú**

Ní athródh an togra seo ach dáta agus, dá bhrí sin, ní bheadh aon iarmhairtí aige ar shimpliú dhlí an Aontais.

- **Cearta bunúsacha**

Urramaítear leis an togra na cearta bunúsacha agus cloítear leis na prionsabail a aithnítear go háirithe i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh.

## 4. IMPLEACHTAÍ BUISÉADACHA

Níl aon impleachtaí do bhuiséad an Aontais ag síneadh na díolúine ó mhuirir bhonneagair nó úsáideora.

Bheadh impleachtaí éagsúla ag forálacha na Treorach ar bhuiséid náisiúnta ag brath ar straitéisí cur chun feidhme aonair na mBallstát. Trí fheithiclí níos glaine a laghdú nó a dhíolmhú ó mhuirir bhóthair, d'fhéadfaí tionchar diúltach a imirt ar ioncam agus, dá bhrí sin, ar bhuiséid náisiúnta mura méadófar an meánráta d'fheithiclí eile [33]. Os a choinne sin, gineann muirir costas seachtrach ioncam agus bíonn tionchar dearfach acu ar bhuiséid náisiúnta. Leis an Treoir, cuirtear trí rogha ar fáil do na Ballstáit, a fhéadfaidh na nithe seo a leanas a chur chun feidhme:

laghduithe nó díolúintí ar mhuirir bhóthair chun infheistíocht i bhfeithiclí níos glaine a dhreasú;
muirir costas seachtrach chun na costais sheachtracha sin a chur san áireamh i gcinntí infheistíochta na hearnála príobháidí;

an dá ionstraim sin go comhuaineach chun an laghdú ar an mbearna CIU idir gnáthfheithiclí agus feithiclí astaíochtaí nialasacha a uasmhéadú.

Sa ghearrthéarma agus sa mheántéarma (i.e. raon feidhme ama an togra seo), is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh an éifeacht dhiúltach a d'fhéadfadh a bheith ag laghduithe ar mhuirir ar bhóithre ar bhuiséid náisiúnta níos lú ná éifeacht dhearfach na muirear costas seachtrach. Is é is cúis leis sin go bhfuil feithiclí astaíochtaí nialasacha ina gcuid an-bheag den fhlít feithiclí go fóill[34] agus go meastar gur idir 5 % agus 9 % den fhlít feithiclí tromshaothair a bheidh

[32] Measúnú tionchair a ghabhann leis an togra le haghaidh Treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena leasaítear Treoir 1999/62/CE maidir le muirir a ghearradh ar fheithiclí earraí troma as bonneagar áirithe a úsáid agus an togra le haghaidh treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 1999/62/CE maidir le muirear a ghearradh ar fheithiclí earraí troma as bonneagair áirithe a úsáid, a mhéid a bhaineann le forálacha áirithe maidir le cánachas feithiclí (SWD(2017) 180), atá le fáil ag https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/ALL/?uri=SWD:2017:180:FIN.

[33] Ceanglaítear le hAirteagal 7ga(4) nár cheart athruithe dolaí atá bunaithe ar an Airteagal sin a cheapadh chun ioncam breise a ghiniúint. Ciallaíonn sé sin go bhfuil an deis ag na Ballstáit ioncam tarscaoilte a aisghabháil mar gheall ar laghduithe nó díolúintí a dheonaítear d'fheithiclí níos glaine lena ngabhann muirir níos airde ar fheithiclí eile.

[34] Féach fonóta 11.

iontu faoi 2030 [35]. Dá réir sin, má chuirtear an dá ionstraim i bhfeidhm go comhuaineach, is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh an t-ioncam ó mhuirir costas seachtrach níos mó ná an t-ioncam tarscaoilte ó laghduithe nó díolúintí ar mhuirir bhóthair. Rialaítear úsáid an ioncaim a ghintear le muirir bhóthair (muirir bhonneagair nó úsáideora) agus le muirir costas seachtrach faoi Airteagal 9(2) de Threoir 1999/62/CE.

## 5. EILIMINTÍ EILE

- **Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe**

Leagtar síos le hAirteagal 11 de Threoir 1999/62/CE oibleagáid tuairiscithe cúig bliana. Ba é an 25 Márta 2025 an spriocdháta is déanaí, agus is é an 25 Márta 2030 an chéad spriocdháta eile. Ceanglaítear le hAirteagal 11(2)(c) go ndéanfar tuairisciú ar an *athrú ar mhuirir bhonneagair nó ar mhuirir úsáideora i gcomhréir le feidhmíocht chomhshaoil feithiclí, de bhun Airteagal 7g, Airteagal 7ga, nó Airteagal 7gb*;'. Tá an chéad spriocdháta eile roimh an dáta deiridh atá beartaithe don díolúine agus, dá bhrí sin, beidh sé iomchuí chun measúnú a dhéanamh ar a cur chun feidhme. Dá bhrí sin, níl aon oibleagáid tuairiscithe bhreise beartaithe.

- **Doiciméid mhíniúcháin (i gcás treoracha)**

Chuirfeadh an togra seo síneadh le foráil roghnach atá ann cheana, mar sin níl gá le haon doiciméad míniúcháin. Mar sin féin, ba cheart do na Ballstáit a úsáideann an rogha seo an Coimisiún a chur ar an eolas.

- **Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra**

Le hAirteagal 1 leasaítear an cúigiú fomhír d'Airteagal 7ga(1) de Threoir 1999/62/CE tríd an díolúine a leagtar síos san fhoráil sin a shíneadh go dtí an 30 Meitheamh 2031.

Ceanglaítear le hAirteagal 2 go gcuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas láithreach maidir leis na bearta atá glactha acu de bhun na Treorach seo.

Le hAirteagal 3, socraítear an dáta a thiocfaidh an Treoir i bhfeidhm.

Le hAirteagal 4, sonraítear gur chuig na Ballstáit a dhírítear an treoir.

[35] COM(2025)260

2025/0188 (COD)

Togra le haghaidh

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**lena leasaítear Treoir 1999/62/CE a mhéid a bhaineann le síneadh a chur leis an tréimhse inar féidir le feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha tairbhiú de rátaí muirear bonneagair nó úsáideora atá laghdaithe go suntasach nó de dhíolúintí ó na muirir sin a íoc**

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa [36],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún [37],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tá méadú tagtha le déanaí ar fhigiúirí clárúcháin feithiclí nua tromshaothair astaíochtaí nialasacha san Aontas ach tá siad ró-íseal go fóill chun spriocanna laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ na hearnála iompair a leagtar amach sa Straitéis um an tSoghluaisteacht Inbhuanaithe agus Chliste a bhaint amach [38]. Ceann de na príomhbhacainní ar úsáid níos leithne feithiclí tromshaothair astaíochtaí nialasacha is ea an costas tosaigh ard a bhaineann le feithicil den sórt sin a fháil. Chun cás gnó níos láidre a bhaint amach maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha, ní mór oibriú i dtreo paireacht costais le gnáthfheithiclí. Is éard atá sa chostas iomlán úinéireachta an infheistíocht tosaigh a dhéantar chun an fheithicil a fháil agus na costais oibriúcháin arna dtabhú le linn shaolré na feithicle. Is féidir an bhearna sa chostas iomlán úinéireachta idir gnáthfheithiclí agus feithiclí astaíochtaí nialasacha a laghdú trí chostais oibriúcháin feithiclí astaíochtaí nialasacha a laghdú. Áirítear muirir ar bhóithre ar na costais sin.

(2) Le Treoir (AE) 2022/362 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [39] leasaíodh Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [40], i measc athruithe

[36] IO C , , lch. .
[37] IO C , , lch. .
[38] COM(2020)789
[39] Treoir (AE) 2022/362 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Feabhra 2022 lena leasaítear Treoracha 1999/62/CE, 1999/37/CE agus (AE) 2019/520, a mhéid a bhaineann le muirir a ghearradh ar fheithiclí as bonneagar áirithe a úsáid (IO L 69, 4.3.2022, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2022/362/oj).

eile, trína fhágáil gur féidir muirir bhóthair a shocrú de réir astaíochtaí $CO_2$ feithiclí. Tugadh isteach leis an fhéidearthacht muirir bhonneagair agus muirir úsáideora a athrú agus/nó costais sheachtracha astaíochtaí $CO_2$ a inmheánú. Déanann an dá bheart difear do chostais oibriúcháin feithiclí. Laghdaíonn an t-athrú ar mhuirir na costais oibriúcháin a bhaineann le feithiclí nach bhfuil chomh truaillitheach céanna, agus méadaíonn muirir costas seachtrach na costais oibriúcháin a bhaineann le feithiclí is cúis le níos mó truaillithe. Leis an dá bheart, laghdaítear an bhearna sa chostas iomlán úinéireachta idir feithiclí astaíochtaí nialasacha agus gnáthfheithiclí. Tá an dá bheart tábhachtach chun an cás gnó a neartú maidir le hinfheistíocht a dhéanamh i bhfeithiclí astaíochtaí nialasacha.

(3) Faoi láthair, le hAirteagal 7ga(1), an cúigiú fomhír, de Threoir 1999/62/CE, tugtar an deis do na Ballstáit rátaí laghdaithe muirear bonneagair nó úsáideora a chur i bhfeidhm gan aon uasteorainn a chur ar na laghduithe sin, nó díolúintí iomlána ó mhuirir den sórt sin a chur i bhfeidhm, go dtí an 31 Nollaig 2025 amháin. Ceanglaíodh ar na Ballstáit an fhoráil sin, a tugadh isteach le Treoir (AE) 2022/362, a thrasuí i ndlíthe náisiúnta faoin 25 Márta 2024. Tugtar le tuiscint leis an dáta deiridh sin le haghaidh trasuí tréimhse cur chun feidhme an-ghearr is lú ná 2 bhliain. Tá an tréimhse sin róghearr chun éileamh feithiclí nua tromshaothair astaíochtaí nialasacha a dhreasú go fóinteach. Dá bhrí sin, ba cheart an dáta deiridh sin a chur siar chun na dálaí cearta a chruthú d'imscaradh níos leithne feithiclí astaíochtaí nialasacha.

(4) Déanann an t-athrú ar mhuirir bhóthair difear do chinntí infheistíochta na n-oibreoirí iompair a fhaigheann feithicil nua. Dá bhrí sin, tá tionchar aige ar thaobh an éilimh sa mhargadh le haghaidh feithiclí nua tromshaothair. Is iad monaróirí feithiclí tromshaothair taobh an tsoláthair sa mhargadh céanna. Tá sprioc laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ 43 % acu faoi 2030, mar a leagtar amach i Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [41]. Cé go rannchuidíonn gnáthfheithiclí éifeachtúla freisin leis an sprioc sin a bhaint amach, is gá úsáid níos leithne a bhaint as feithiclí astaíochtaí nialasacha chun í a bhaint amach. Is í an tréimhse tuairiscithe 2030, agus sprioc-am an 30 Meitheamh 2031, an chéad bhliain ina mbainfidh monaróirí an sprioc sin amach.

(5) Chun creat dlíthiúil soiléir comhleanúnach a áirithiú agus chun tacú le cuideachtaí an Aontais san earnáil mótarfheithiclí a spriocanna laghdaithe astaíochtaí $CO_2$ a bhaint amach, ba cheart uainiú na mbeart ar thaobh an éilimh agus an tsoláthair de mhargadh na bhfeithiclí tromshaothair a ailíniú. Dá bhrí sin, an dáta deiridh ar féidir leis na Ballstáit rátaí muirear bonneagair nó úsáideora atá laghdaithe go suntasach a chur i bhfeidhm nó ar féidir feithiclí astaíochtaí nialasacha a dhíolmhú ó mhuirir den sórt sin, ba cheart an dáta sin a chur siar go dtí an 30 Meitheamh 2031.

(6) Ciallaíonn cineál roghnach na forála leasaithe nach bhfuil sé d'oibleagáid ar na Ballstáit an Treoir seo a thrasuí. Mar sin féin, ba cheart dóibh an Coimisiún a chur ar an eolas láithreach má úsáideann siad an rogha rátaí muirear bonneagair agus

[40] Treoir 1999/62/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Meitheamh 1999 maidir le muirir a ghearradh ar fheithiclí earraí troma as bonneagar áirithe a úsáid (IO L 187, 20.7.1999, lch. 42, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/1999/62/oj).

[41] Rialachán (AE) 2019/1242 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 lena socraítear na caighdeáin feidhmíochta maidir le hastaíochtaí $CO_2$ d'fheithiclí nua tromshaothair agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 595/2009 agus (AE) 2018/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 96/53/CE ón gComhairle (IO L 198, 25.7.2019, lch. 202, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/1242/oj).

úsáideora atá laghdaithe go suntasach nó díolúintí ó iad a íoc a dheonú maidir le feithiclí astaíochtaí nialasacha tar éis an 31 Nollaig 2025,

TAR ÉIS AN TREOIR SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

In Airteagal 7ga(1), an cúigiú fomhír, de Threoir 1999/62/CE, cuirtear '30 Meitheamh 2031' in ionad an dáta '31 Nollaig 2025' agus cuirtear '1 Iúil 2031' in ionad an dáta '1 Eanáir 2026'.

*Airteagal 2*

Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas láithreach maidir leis na bearta atá glactha acu de bhun na Treorach seo.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Treoir seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a foilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

*Airteagal 4*

Is chuig na Ballstáit a dhírítear an Treoir seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*